Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**11157/26**

**ECOFIN 933**
**UEM 334**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 4538 final |
| Ábhar: | TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN<br>an 25.6.2026<br>maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann sa Bhulgáir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 4538 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 4538 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.6.2026
C(2026) 4538 final

# TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN

**an 25.6.2026**

**maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann sa Bhulgáir**

(Is é an téacs Bulgáirise amháin atá barántúil)

GA GA

**TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN**

**an 25.6.2026**

**maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann sa Bhulgáir**

(Is é an téacs Bulgáirise amháin atá barántúil)

BREITHNITHE GINEARÁLTA

(1) Le hAirteagal 126 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) leagtar síos an nós imeachta um easnamh iomarcach. Sonraítear an nós imeachta sin a thuilleadh i Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach ([1]), agus soiléiriú a dhéanamh air, ar cuid den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis é.

(2) De réir Airteagal 126(2) CFAE, ní mór don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an smachta bhuiséadaigh ar bhonn dhá chritéar, is é sin: (a) an sáraíonn an cóimheas idir an t-easnamh rialtais ghinearálta pleanáilte nó an t-easnamh rialtais ghinearálta iarbhír agus an olltáirgeacht intíre (OTI) an luach tagartha 3 % de OTI (mura bhfuil laghdú substaintiúil leanúnach tagtha ar an gcóimheas agus má shroich sé leibhéal atá gar don luach tagartha; nó, de rogha air sin, nach bhfuil san fharasbarr thar an luach tagartha ach farasbarr eisceachtúil sealadach agus go bhfanann an cóimheas gar don luach tagartha); agus (b) an dtéann an cóimheas idir an t-ollfhiachas rialtais le OTI thar luach tagartha 60 % (mura mbíonn laghdú leordhóthanach ar an gcóimheas agus mura mbíonn sé ag druidim leis an luach tagartha ar luas sásúil).

(3) Luaitear in Airteagal 126(3) CFAE mura ndéanann Ballstát na ceanglais faoi cheann amháin de na critéir sin nó faoin dá cheann a chomhall, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil. I gcomhréir leis an Airteagal céanna sin, ní mór a chur san áireamh freisin sa tuarascáil sin, an dtéann an t-easnamh rialtais ghinearálta thar chaiteachas infheistíochta rialtais maille le gach toisc ábhartha eile lena n-áirítear cor eacnamaíoch agus buiséadach meántéarmach an Bhallstáit. Féadfaidh an Coimisiún tuarascáil a ullmhú freisin má tá sé den tuairim, d’ainneoin chomhlíonadh na gceanglas faoi na critéir, go bhfuil baol easnaimh iomarcaigh ann i mBallstát.

(4) Le hAirteagal 126(5) CFAE, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuairim a dhíriú chuig an mBallstát i dtrácht agus an Chomhairle a chur ar an eolas má mheasann an Coimisiún go bhfuil easnamh iomarcach nó baol easnaimh iomarcaigh ann i mBallstát. Chun teacht ar chonclúid maidir le cé acu atá easnamh iomarcach nó baol easnaimh iomarcaigh ann, measann an Coimisiún gur cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh: (i) conclúidí a thuarascála faoi Airteagal 126(3) CFAE; agus (ii) tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir leis an tuarascáil sin faoi Airteagal 126(4) CFAE. Ar bhonn na n-eilimintí sin, tá roinnt breithnithe suite ag an gCoimisiún le haghaidh na Bulgáire.

---

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/2024-04-30) arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 (IO L, 2024/1264, 30.4.2024).

BREITHNITHE MAIDIR LEIS AN mBULGÁIR

(5) Ghlac an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) CFAE, ar tuarascáil í ina bpléitear comhlíontacht na Bulgáire leis an gcritéar easnaimh, an 3 Meitheamh 2026.([2])

(6) De réir na sonraí a sholáthair Eurostat an 22 Aibreán 2026([3]), is é 3,5 % de OTI a bhí san easnamh rialtais ghinearálta sa Bulgáir in 2025. Cé nár thuairiscigh an Bhulgáir easnamh beartaithe le haghaidh 2026 do Eurostat, le Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún réamh-mheastar go mbeidh easnamh 4,1 % de OTI ag an mBulgáir le haghaidh 2026.([4]) An t-easnamh rialtais iarbhír in 2025 agus an t-easnamh atá réamh-mheasta le haghaidh 2026 tá siad os cionn luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, agus níl siad gar dó, agus ní mheastar gur easnaimh shealadacha iad na heasnaimh atá os cionn luach tagartha an Chonartha. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfanfaidh an t-easnamh rialtais ghinearálta os cionn 3 % de OTI in 2027. An 8 Iúil 2025, ghníomhachtaigh an Chomhairle an clásal éalaithe náisiúnta chun méadú ar chaiteachas cosanta a éascú sa Bhulgáir, le linn na tréimhse 2025-2028([5]) . Ar a bhonn sin, sa tuarascáil ón gCoimisiún faoi Airteagal 126(3) CFAE measadh i dtaobh an easnaimh atá os cionn luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, in 2025 gurb easnamh eisceachtúil é, ós rud é gur féidir é sin a mhíniú go hiomlán le méadú ar chaiteachas cosanta ó bhí an bhliain tagartha 2024 ann, cé nach amhlaidh atá i gcás an easnaimh réamh-mheasta atá os cionn an luacha tagartha le haghaidh 2026.

(7) De réir na sonraí a sholáthair Eurostat an 22 Aibreán 2026([6]) , is 29,9 % de OTI a bhí san ollfhiachas rialtais in 2025, figiúr atá faoi bhun luach tagartha 60 % de OTI. Dá bhrí sin, comhlíontar an critéar fiachais sa Chonradh.

(8) I gcomhréir le ceanglais Airteagal 126(3) CFAE, rinne an Coimisiún anailís freisin ar na tosca ábhartha uile ina thuarascáil faoi Airteagal 126(3) CFAE. Mar a leagtar síos in Airteagal 2(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, aon uair nach sáraíonn an cóimheas idir fiachas rialtais agus OTI an luach tagartha, cuirfear tosca ábhartha san áireamh le linn na gcéimeanna as a dtiocfaidh an cinneadh maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann ar bhonn an chritéir easnaimh.

(9) Ar an iomlán, meastar gur tosca géaraitheacha i gcás na Bulgáire iad na tosca ábhartha a ndearnadh measúnú orthu sa tuarascáil faoi Airteagal 126(3) CFAE. Ar an iomlán**,** agus na tosca ábhartha uile á gcur san áireamh de réir mar is iomchuí agus, go háirithe, ós rud é go bhfuil an t-easnamh ag méadú go mór os cionn 3 % de OTI in

---

([2]) Is féidir teacht ar na doiciméid uile a bhaineann leis an nós imeachta um easnamh iomarcach le haghaidh na Bulgáire ag an suíomh seo a leanas: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-governance-framework/stability-and-growth-pact/corrective-arm-excessive-deficit-procedure/excessive-deficit-procedures-overview/bulgaria_ga

(3) Táscairí Euro Eurostat a foilsíodh an 22 Aibreán 2026 (https://ec.europa.eu/eurostat/en/web/products-euro-indicators/w/2-22042026-ap), i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 ón gComhairle.

(4) Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún Eorpach (Páipéar Institiúideach maidir le Geilleagar na hEorpa 341, Bealtaine 2026)

(5) Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Bhulgáir imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (Gníomhachtú an chlásail éalaithe náisiúnta), (IO C, C/2025/3961, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3961/oj).

(6) Táscairí Euro Eurostat a foilsíodh an 22 Aibreán 2026 (https://ec.europa.eu/eurostat/en/web/products-euro-indicators/w/2-22042026-bp), i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 ón gComhairle.

2026, ní chomhlíontar an critéar easnaimh, mar a shainítear sa Chonradh agus i Rialachán (CE) Uimh. 1467/97.

(10) Leagtar síos le hAirteagal 2(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1467/97, go bhféadfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle a chinneadh gan teacht ar chonclúid maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann, má ghníomhachtaítear clásal éalaithe náisiúnta. ([7])Mar sin féin, ós rud é nach féidir an t-easnamh réamh-mheasta atá os cionn an luacha tagartha le haghaidh 2026 a mhíniú go hiomlán le méadú ar chaiteachas cosanta ó bhí bliain tagartha 2024 ann (*cf.* aithris 6), níl feidhm ag Airteagal 2(5).

(11) D'eisigh an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais a thuairim maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 126(4) CFAE an 11 Meitheamh 2026. Tá an tuairim sin comhsheasmhach leis an measúnú sa Tuarascáil ón gCoimisiún faoi Airteagal 126(3) CFAE.

CONCLÚID

Mar thoradh ar an bhfaireachán ar an staid bhuiséadach sa Bhulgáir agus, go háirithe, mar thoradh ar an scrúdú ar chomhlíonadh na gcritéar a leagtar síos in Airteagal 126(2) CFAE, d'ullmhaigh an Coimisiún tuarascáil i gcomhréir le hAirteagal 126(3) CFAE. Is é tuairim an Choimisiúin, tar éis dó an tuarascáil uaidh agus an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais a chur san áireamh, go bhfuil easnamh iomarcach sa Bhulgáir mar gheall ar neamhchomhlíonadh an chritéir easnaimh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25.6.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Valdis DOMBROVSKIS*
*Comhalta den Choimisiún*

---

(7) I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Márta 2025, C(2025) 2000 final, má ghníomhachtaítear an clásal éalaithe náisiúnta le haghaidh caiteachas cosanta, féadfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle a chinneadh gan teacht ar chonclúid maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann i gcás barrachas easnaimh atá os cionn 3 % de OTI, nuair is méadú ar chaiteachas cosanta is cúis leis sin.